

# NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA

Fáilte chuig Nuachtlitrí miosúil Ealaín na Gaeltachta



## Cuisle:

D'fhógair Ealaín na Gaeltachta lógó don chlár Cuisle agus glaoch do scéim nua do Champa Cruthaitheachta Ar Líne an tseachtain seo caite. Mar chuid de Chuisle, tá Ealaín na Gaeltachta i mbun ceardlanna agus imeachtaí sna healaíona dúchasacha a reáchtáil agus a mhaoliniú do dhaoine óga ar fud na Gaeltachta.

Tá Cuisle maoinithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a chuir buiséad €1.275 milliún ar fáil thar 3 bliana (2019-2022) le díriú ar chur chun cinn na n-ealaíon dúchasach teangabhunaithe agus mar thaca don phróiséas pleánala teanga. Tá os cionn 2000 duine óg ag glacadh páirt agus os cionn 40 scoil rannpháirteach. Cuirtear ranganna ceoil, damhsa, amhránaíochta agus ealaíon béal (lúibíní, scéalaíocht) ar fáil le scoth na dteagascóirí. I mbliana den chéad uair, de bharr shrianta sláinte agus sabhailteachta na géarchéime, tá maoiniú ar fáil chun campa cruthaitheachta ar líne a reáchtáil an samhradh seo do dhéagóirí a bhfuil dúil acu sna healaíona dúchasacha agus ar mhaith leo úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun a gcuid ealaíon a chur i láthair ar bhealach núalach. Táthar ag glacadh le tairiscintí ó ealaíontóirí, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil smaointe núalacha agus taithí acu ag úsáid múnláí cruthaitheacha agus nua-aimseartha teicneolaíochta le spriocanna ealaíonta a bhaint amach. Is é an **8 Meitheamh 2020** an spriocdháta le haghaidh tairisceana. Tuilleadh eolais: [www.ealain.ie](http://www.ealain.ie) / [e.scahill@udaras.ie](mailto:e.scahill@udaras.ie)



# Nuacht

## Glaoch do choimeádaí sna físealaíona

Le taispeántas sna bhfísealaíona Gaeltachta a chomhordú, mar chuid de cheiliúradh 40 bliain Údarás na Gaeltachta



**GLAOCH DO  
CHOIMEÁDAÍ**

Údarás na Gaeltachta

ealaín

Tá Ealaín na Gaeltachta Teo. ag lorg coimeádaí le comhordú a dhéanamh ar thaispeántas sna físealaíona Gaeltachta – taispeántas ar ardchaighdeán ag ceiliúradh na bhfísealaíón Gaeltachta le ceathracha bliain anuas.

Tá Údarás na Gaeltachta ag ceiliúradh 40 bliain i 2020, agus mar chuid de sin, táthar ag eagrú sraith imeachtaí le fócas ar leith ar:

- An Ghaeltacht le 40 Bliain
- An Ghaeltacht inniu
- Todhchaí na Gaeltachta

Glacfaidh an coimeádaí ceannaireacht ar thaispeántas sna físealaíona a forbairt agus a léiriú don cheiliúradh.

**Aidhmeanna an Taispeántais:** Ceiliúradh a bheidh sa taispeántas seo, turas athmhachnamhach ar na físealaíona Gaeltachta le ceathracha bliain anuas, ag tarraingt aird ar na saothair ar ardchaighdeán atá cruthaithe i gcaitheamh na mblianta agus ar na saothair atá á gcruthú ag ealaíontóirí gairmiúla Gaeltachta comhaimseartha.

Tá fáilte roimh duine amháin, beirt nó foireann an ról seo a chomhlíonadh.

**Scála Ama:** Lár Meitheamh go Nollaig 2020.

**Buiséad:** €20,000 (forbairt agus léiriú)

Seol d'iarratas chuig Muireann Ní Dhroighneáin ag Ealaín na Gaeltachta Teo. R-phost: [ealain@udaras.ie](mailto:ealain@udaras.ie).

Is é 5i.n, amárach, **5 Meitheamh 2020**, an spriocdháta d'iarratais a bheith istigh.

# Nuacht



## Ceardlanna, Altanna Eolais

Tá fáil mhaith ar imeachtaí ealaíona, ceardlanna agus achmhainní ar-líne i rith na hama seo.

Tá acmhainní agus eolas a scaipeadh go rialta ag Theatre Forum, Create, The Wheel, An Chomhairle Ealaíon, Visual Arts Ireland agus Journal of Music srl. Tá na himeachtaí seo agus gach eolas fúthú le fáil thríd a gcuid leathanaigh Facebook nó an suíomh, déan cliceáil thíos.


### - An Chomhairle Ealaíon



### - Éire Ildánach



### - Theatre Forum



### - Music Network



### - Minding Creative Minds



### - Visual Arts Ireland



# Nuacht

## Lámhleabhar thacaíochta d'earnáil ealaíona

Tá Lámhleabhar thacaíochtaí don earnáil ealaíona curtha ar fáil ón Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta. "Cé gur iomaí dúshlán a bheidh romhainn ar an mbealach chun téarnaimh, tá tú sábháilte le próiseas na hathoscaile. Mar mhuintir agus mar phobal, tiocfaimid slán as an ngéarchéim seo. Ní neart go cur le chéile." (Josephine Madigan) Breis eolais le fáil **anseo**.

Foilsithe ar 22 Bealtaine 2020



## COVID-19 Tacaíocht & Faisnéis d'Earnáil na nEalaíon

## Fibín



An chéad dráma tiomáin-isteach in Éirinn. Tá ríméad ar Fibín a fhógaírt go mbeidh an chéad léiriú domhanda de FIACH, dráma nua le Philip Doherty, á stáitsiú sa tréimhse géarchéime seo, i ndomhan atá iompaithe bun os cionn agus é cruthaithe go speisialta, d'Aois na Paindéime. Amharclannaíocht beo, ag teacht go luath... áma nua le Philip Doherty, á stáitsiú sa tréimhse géarchéime seo, i ndomhan atá iompaithe bun os cionn agus é cruthaithe go speisialta, d'Aois na Paindéime. Áma nua le Philip Doherty, á stáitsiú sa tréimhse géarchéime seo, i ndomhan atá iompaithe bun os cionn agus é cruthaithe go speisialta, d'Aois na Paindéime.

Lúnasa 2020 - Coinnígí bhur súile ar seo.

## Nuacht

### Samhradh lán siamsaíochta go fóill i ndán dúinn le Féile Ealaíona an Earagail

Cé nach mbeidh deis ag daoine bailiú le chéile don 32ú féile mar a tharla i gcónaí roimhe seo, beidh Féile Ealaíne an Earagail go fóill ina buaic a mbeidh an pobal ag súil go mór léi. Cuirfear príomhfhéile samhraidh Dhún na nGall ar fáil trí 18 n-imeacht dhigiteacha thar na 18 lá a bhí roghnaithe don fhéile cheana, is é sin 9 go 26 Iúil 2020.



### Ciste WRAP

Tá Ciste Léiritheoirí Físe agus Fugime Réigiún an Iarthair (WRAP)



### WRAP Fund

ag glacadh le hiarratais anois ar infheistíocht forbartha do thionscadal scannáin, teilifíse, beochana nó cluiche. Tá suas le € 15,000 ar fáil d'fhoirne a bhfuil tionscadal incháilithe acu ina bhfuil a gcuideacht bunaithe i Réigiún WRAP (An Clár, Dún na nGall, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin agus Sligeach).

Is é an spriocdháta d'iarratais ná 5i.n, Dé Céadaoin 17 Meitheamh 2020. Moltar d'iarratasóirí an t-eolas agus na treoirínte nuashonraithe atá ar fáil [ANSEO](#) a léamh sula ndéanann siad iarratas a chur iseach.

### Aire d'Aigne Cruthaitheach

Seoladh clár tacáíochta folláine 24/7 saor in aisce d'earnáil Cheoil na hÉireann an tseachtain seo, Minding Creative Minds (MCM). An chéad uair riamh a leithead a bheith ar fáil d'earnáil chruthaitheach na hÉireann.



## Na hlonaid

Ag leanúint don treoir atá eisithe ag an Rialtas agus na hÚdaráis Sláinte Poiblí, tá na hlonaid Ealaíona Gaeltachta thíos dúnta don phobal go bhfógraítear a mhalairt. Tá go leor obair ar na bacáin acu - coinnigí súil ghearr ar a gcuid leathanaigh Facebook.

### An tlonad Cultúrtha, Baile Mhúirne



### Amharclann Ghaoth Dobhair



### An Gailearaí, Gaoth Dobhair




### Áras Éanna, Inis Oírr



Ceolchoirmeara beo ar-líne gach Déardaoin ar Facebook, Noelie McDonnell and Nicola Joyce beo anocht

### Áras Inis Gluaire



# Deiseanna

## Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

### Scéim Forbartha na nEalaíon 2020

Cuirfear tacáiocht ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair sna ceantair Gaeltachta le deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar thionscnamh agus ar ghníomhachtaí ealaíona a chuirfear ar siúl sa Ghaeltacht.

### Spriocdháta leanúnach



### Scéim Síol: (uasmhéid maoinithe €1,000).

Ba mhaith le hEalaín na Gaeltachta Teo. a mheabhrú d'ealaíontóirí agus do phobal na Gaeltachta go bhuil Scéim Urraíochta Síol le buiséad sual le €1,000 oscailte seasta le linn an tréimhse dúshlánach seo.

Sa gcomhthéacs neamhghnách seo ina bhfuil muid, fáiltíonn muid, go háirithe roimh smaointe agus iarratais ó ealaíontóirí gur mian leo teagmháil a dhéanamh lena lucht féachana ar-líne thríd na meáin cumarsáide éagsúla.

Tír Chonaill: [d.nicphaidin@udaras.ie](mailto:d.nicphaidin@udaras.ie)

Cúige Mumhan: [r.holstead@udaras.ie](mailto:r.holstead@udaras.ie)

Cúige Chonnacht & Co. na Mí: [m.nidhroighneain@udaras.ie](mailto:m.nidhroighneain@udaras.ie)

### Scéim Nóta: (uasmhéid maoinithe €1,000).

Is scéim straitéiseach í NÓTA atá oscailte do ghrúpaí agus daoine aonaracha lasmuigh de chomhthéacs oideachais foirmeálta. Is ar mhaite le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh de sholáthar clár agus ranganna an scéim seo.

Sula ndeánfar iarratas, moltar dul i dteagmháil leis an gComhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige nó an Áisitheoir Ealaíona Réigiúnach i do cheantar. Tuilleadh Eolais: [e.scahill@udaras.ie](mailto:e.scahill@udaras.ie)



# Deiseanna Eile

## An Chomhairle Ealaíon

Cóinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos. Tá go leor eolas agus achmhanní ar fáil an an suíomh [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tabhair faoi deara go bhfuil cuid de na spriocdhátaí curtha siar dá bharr an choróinvíreas.

## Nuachtlitir na Comhairle Ealaíon

CSTV: Ceachtanna cruthaitheach sa bhaile. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh Scoileanna Ildánacha na healaíona agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol leanáí agus dhaoine óga. Léigh faoin tionscnamh CSTV [anseo](#).

Scoileanna Ildanacha - 25/06/2020

Scéim spás oibre na bhfísealaíontóirí - 02/07/2020

Scéim Infheistíochta na bhFéilte - 23/07/2020

## Éigse Éireann



Deiseanna oiliúna, cúrsaí, comórtais, dámhachtainí, glaonna ar aighneachtaí, cónaitheachtaí agus deiseanna d'fhilí.

Tá gach eolas fúthu ar shuíomh Éigse Éireann.

[www.poetryireland.ie](http://www.poetryireland.ie)

## Create Éireann – Spriocdhátaí Athruithe

Scéim Ealaíontóir sa Phobal:

Sprioc dhátaí athraithe ó 30 Márta go 27 Iúil do Bhabhta 2 - Dhámhachtain Taighde & Forbartha & Damhachtain Tograí

Acmhainní agus eolas ar fáil chomh maith ar [www.create.ie](http://www.create.ie)



Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag [ealain@udaras.ie](mailto:ealain@udaras.ie) má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait maidir le tionscnamh ealaíne a forbairt sa Ghaeltacht



# Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh  
Feidhmeannach Forbartha Ealaíona  
r/p: m.fearraigh@udaras.ie  
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin  
Áisitheoir Ealaíona Connacht/Laighean  
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie  
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead  
Áisitheoir Ealaíona Mumhan  
r/p: r.holstead@udaras.ie  
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín  
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill  
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie  
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill  
Comhordaitheoir Clár na hEalaíona  
Dúchasacha don Óige  
r/p: e.scahill@udaras.ie  
t: +353 (0)91 503 100



Anna Ní Fhlatharta  
Riarthóir Clár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige  
r/p: a.nifhlatharta@udaras.ie  
t: +353 (0)91 503 100